# AN DARA TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN

---------------------

# CLÁR DO RIALTAS COMHPHÁIRTÍOCHTA 2016 - 2021

**Aibreán 2017**


## Réamhrá

Tá obair ar siúl ó mhí Bealtaine 2016 chun an Clár do Rialtas Comhpháirtíochta a chur i bhfeidhm d'fhonn dul i ngleic go díreach leis na dúshláin is mó atá le sárú ag Éirinn agus timpeallacht fhabhrach a chruthú le geilleagar láidir a thógáil agus sochaí cóir a chur ar fáil.

I mí na Nollag 2016, foilsíodh an chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn an Chláir do Rialtas Comhpháirtíochta inar leagadh amach a raibh bainte amach chomh maith leis an obair a bhí ar bun i ndáil le réimse leathan gealltanas. Ó shin i leith, táthar ag obair ar fud na Ranna ar fad ar an gClár don Rialtas a chur i bhfeidhm agus léirítear sin sa mbreis is 200 pointe nuashonraithe a leagtar amach anseo, an dara tuarascáil ar dhul chun cinn.

Leanfaidh an Rialtas ag déanamh maith de na gealltanais atá sa chlár uaillmhianach oibre a leagadh amach agus ag teannadh níos gaire don mhórsprioc, is é sin saol na ndaoine ar fud na hÉireann a fheabhsú.

Foilseofar Tuarascáil Bhliantúil chuimsitheach ina diaidh seo i mí Bealtaine, tráth a mbeidh an chéad bhliain in Oifig curtha isteach ag an Rialtas.


Príomhnithe a Baineadh Amach
Straitéis don Earnáil Cíosa Seolta
Scéim Cúnamh Chun Ceannach oscailte, 3,800 iarratas faighte
34 tionscadal fógartha faoin gCiste um Ghníomhachtú Tithíochta Bonneagair Áitiúil
Plean Gníomhaíochta chun cur le Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna
Ráta Dífhostaíochta Laghdaithe go 6.4%
Plean DEIS 2017 seolta agus 79 scoil bhreise curtha leis
Tuarascáil Thascfhóra an Fhóin Póca agus Leathanbhand a foilsithe
Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe seolta
Éire Ildánach seolta

## Comhpháirtíocht i nDaonlathas a Chur ag Obair agus Leasuithe Polaitíochta/Bunreachtúla

- Is féidir Ilghrúpaí Teicniúla a bhunú anois sa Dáil ina bhfuil íosmhéid de 5 T.D. agus leithdháiltear Ceisteanna na gCeannaire, Gnó Comhaltaí Príobháideacha agus Ceisteanna Tosaíochta ar bhonn comhréireach chun Grúpaí den sórt sin a chur san áireamh.

- Suíonn an Dáil ag 12 meán lae chun an mhaidin a bheith ar fáil do Ghnó Comhchoistí Oireachtais.

- Tá líon na dtréimhsí amanna do Ghnó Comhaltaí Príobháideacha méadaithe go dtí péire gach seachtain agus tréimhse amháin breise sa tseachtain do Bhillí Comhaltaí Príobháideacha/Tuarascálacha Coiste arna roghnú le crannchur.

- Tá an Chéim Réamh-Reachtaíochta san áireamh anois i mBillí Comhaltaí Príobháideacha, rud a thugann deis do Choistí Oireachtais na Billí seo a ghrinnscrúdú tar éis dóibh dul tríd an Dara Céim sa Dáil ach roimh an nGnáthchéim den Choiste.

- Tá 100 Bille Comhaltaí Príobháideacha foilsíodh sna 10 mí ó mhí na Bealtaine, 2016 i gcomparáid leis na 26 Bille Comhaltaí Príobháideacha a foilsíodh i dtréimhse den chineál céanna ó mhí an Mheithimh, 2015.

- Is féidir le Coistí Oireachtais díospóireacht a dhéanamh ar a dTuarascálacha sa Dáil anois freisin.

- Foilsíodh Plean Náisiúnta Gnímh Chomhpháirtíocht Rialtais Oscailte na hÉireann 2016-2018 i mí na Nollag, 2016 ina leagtar amach gealltanais chun rannpháirtíocht le saoránaigh a mhéadú, sonraí oscailte agus trédhearcacht a chur chun cinn, agus rialachas agus freagracht a neartú.

- Tá Treoirlínte Athbhreithnithe ar Chomhairliúchán do Chomhlachtaí san Earnáil Phoiblí foilsithe chun feabhas a chur ar an mbealach a dtugann Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile faoi chomhairliúcháin phoiblí, agus béim ar rannpháirtíocht cheart, fhiúntach, agus spriocdhírithe.

- Tháinig an Tionól Saoránach le chéile ceithre huaire go dtí seo chun an tOchtú Leasú a phlé, agus tá an cruinniú deiridh le bheith ann ar 22/23 Aibreán. Tá sé tugtha le fios ag an mBreitheamh Laffoy go bhfuil sé i gceist aici tuarascáil ina mbeidh moltaí an Tionóil a chur ar fáil don Oireachtas faoi mhí an Mheithimh, 2017. Tar éis an chruinnithe deiridh chun an tOchtú Leasú a phlé, tosóidh an Tionól a machnamh ar na hábhair eile atá fanta mar atá leagtha amach sa Rún.

- Thionóil an Comhchoiste Oireachtais ar Dlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas plé réamhreachtach ar Scéim Ghinearálta Bhille an Choimisiúin um Cheapacháin Breithiúna i mí Eanáir.

## Tithíocht

- Léiríonn na príomhtháscairí is déanaí (ceadanna pleanála, tithe á dtosú agus á gcríochnú) go bhfuil an t-ardú i ngníomhaíocht tithíochta ag neartú i gcónaí. D'ardaigh aschur tithíochta don bhliain 2016 beagnach 18% go c. 15,000 teach, rud atá tábhachtach.

- Chun cuidiú le cinntí beartais, tá Tuairisc um Ghníomhachtú Tithíochta nua mhíosúil á foilsiú ina dtugtar le chéile na sonraí is cothroime le dáta ar cheadanna pleanála cónaithe; tithe á dtosú agus á gcríochnú, agus aschur tithíochta sóisialta.

- Tá 23 Láithreán Mór Forbartha Tithíochta Uirbeach a bhfuil sé ar a gcumas 30,000 teach nua a chur ar fáil sa mheántéarma aitheanta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i Luimneach agus i nGaillimh.

- Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016 is féidir dul chun cinn tapa a dhéanamh ar iarratais phleanála d'fhorbairtí tithíochta ar scála mór (100+ aonad) agus iarratais phleanála d'fhorbairtí den saghas céanna a chur díreach chuig an mBord Pleanála. Táthar ag súil go dtiocfaidh na socruithe nua i bhfeidhm i mí na Bealtaine, 2017.

- Tá 34 tionscadal bonneagair poiblí in 15 limistéar Údaráis Áitiúil ceadaithe faoin gCiste nua um Ghníomhachtú Tithíochta Bonneagair Áitiúil ar fiú €200m é.

- An 3 Eanáir, 2017 a d'oscail an Scéim nua le Cúnamh a thabhairt le Ceannach d'iarratais agus fuarthas os cionn 3,800 iarratas sa chéad dá mhí. Lena chois sin, tá 134 conraitheoir cláraithe agus ceadaithe mar 'Chonraitheoirí Cáilithe'.

- Foilsíodh tuarascáil faoi fhorbairtí tithíochta nach bhfuil críochnaithe le déanaí ina léirítear gur thángthas ar réiteach ar chuid mhaith de 248 forbairt sa bhliain 2016 agus gur húsáideadh 2,000 teach do thithíocht shóisialta. Tá 420 forbairt eile fanta, figiúr atá íslithe ó 3,000 sa bhliain 2010, a léiríonn 85% de laghdú.

- Tháinig rialacha nua morgáiste an Bhainc Ceannais i bhfeidhm ar 1 Eanáir, 2017 a chiallaíonn nach dteastaíonn ach 10% d'éarlais ó Cheannaitheoirí Céaduaire de luach foriomlán na maoine. Tá an ceanglas éarlais 20% do gach ceannaitheoir eile fós i bhfeidhm.

- Faoin bhearta nua ón 1 Feabhra, 2017 tá ar iasachtóirí morgáiste míniú d'iasachtaithe faoin tslí a bhfuil a rátaí úis athraitheacha socruithe, lena n-áirítear i gcás méadaithe. Faoi na bearta tiocfaidh feabhas ar an leibhéal faisnéise a bheidh le soláthar d'iasachtaithe faoi tháirgí morgáiste eile a sholáthraíonn a n-iasachtóir a d'fhéadfadh coigilteas a chur ar fáil don iasachtaí.

- In athbhreithniú an Bhainc Ceannais ar Réitigh Riaráistí Morgáiste, a foilsíodh i mí na Nollag, fuarthas go bhfuil raon cuimsitheach de réitigh athstruchtúraithe atá ar fáil á dtairiscint agus á gcur ar fáil ag bainc agus ag neamh-bhainc araon agus tugadh faoi deara go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta chun dul i ngleic le riaráistí morgáiste ó bhuaic

na bliana 2013.

- Thit líon na gcuntas morgáiste a bhain le príomhthithe cónaithe a raibh riaráistí orthu tuilleadh sa cheathrú ráithe den bhliain 2016; ba é sin an ceathrú ráithe déag as a chéile a raibh titim ann.

- Tá staidéar ar struchtúr an mhargaidh, reachtaíocht agus rialáil an mhargaidh morgáiste in Éirinn tosaithe ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus tá súil acu a dtuarascáil deiridh a chur ar fáil i mí na Bealtaine, 2017.

- Tá Athbhreithniú na Scéime Cíosa in ionad Morgáiste foilsithe agus athruithe suntasacha ar an Scéim fógartha a thabharfaidh deis do níos mó teaghlach a bhfuil riaráistí fadtéarmacha acu fanacht ina dtithe féin.

- Seoladh comhairliúchán mór poiblí i mí Feabhra, 2017 chun cuidiú leis an gCreat Náisiúnta Pleanála nua *'Éire 2040 – Ár bPlean'* a fhorbairt. Pléifidh an comhairliúchán na bealaí chun dul chun cinn leanúnach, fadtéarmach agus cothrom ó thaobh réigiúin maidir le cúrsaí sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil a dhaingniú.

## Daoine Gan Dídean agus an Earnáil Cíosa

- Le linn na bliana 2016, comhlíonadh riachtanais tithíochta sóisialta os cionn 18,300 teaghlach, rud a bhí chun tosaigh ar an sprioc d'os cionn 17,000 teaghlach a leagadh amach don bhliain. Mar chuid den seachadadh foriomlán seo tógadh, ceannaíodh nó athchóiríodh cuid mhaith de 5,300 teach, a sháraigh an sprioc a bhí leagtha síos don bhliain d'os cionn 1,000.

- Cuireadh circa €200m ar fáil don bhliain 2016 faoin gClár Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta as ar ceannaíodh os cionn 1,300 teach agus árasán le n-úsáid ag údaráis áitiúla mar aonaid do thithíocht shóisialta.

- Thug  an scéim Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta tacaíocht do 12,075 teaghlach sa bhreis, rud a chomhlíon an Sprioc um Athógáil na hÉireann. D'aistrigh 3,568 de na teaghlaigh bhreise sin ón scéim forlíonadh cíosa (thart ar 30%).

- Ón 1 Márta, 2017 tá ÍCT curtha ar fáil do gach ceantar údaráis áitiúil agus cuireadh €153m ar fáil don scéim don bhliain 2017.

- Bunaíodh 810 tionóntacht nua faoin scéim phíolótach do Dhaoine Gan Dídean ÍCT sa bhliain 2016, a bhí i bhfad níos airde ná an sprioc de 550 tionóntacht a bhí leagtha síos. Tá sprioc de 1,200 teaghlach breise leagtha síos don bhliain 2017, agus tá 300 tionóntacht curtha i bhfeidhm ó mhí Eanáir, 2017.

- Ag deireadh na bliana 2016, cuireadh 350 teach ina n-iomláine a tógadh go tapa chun cinn trí chéimeanna éagsúla seachadta, le n-áirítear tógáil.

- Tá Creat-chomhaontú de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais curtha i bhfeidhm chun borradh a chur faoi thithe a thógtar go tapa a chur ar fáil i rith na mblianta 2017 agus 2018 a éascú.

- Tá oibreacha bonneagair cumasúcháin ar siúl i gCoill na Silíní, Baile Átha Cliath a réiteoidh an bealach chun 7,000 teach a chur ar fáil, lena n-áirítear 1,300 a thógfar le ligean ar cíos, agus a mbeidh 10% acu ar fáil mar aonaid do thithíocht shóisialta.

- Ón 1 Eanáir, 2017, tá sé de dhualgas ar údaráis phleanála clár a bhunú agus a choinneáil de láithreáin fholmha ina gceantar feidhme. Tionóladh seisiún eolais d'údaráis phleanála agus eisíodh Treoirlínte maidir le forálacha tobhaigh a chur i bhfeidhm go praiticiúil.

- Faoin scéim Ceannaigh agus Athnuachana, tá €25m á chur ar fáil sa bhliain 2017 chun tacú le Comhairlí agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe aonaid tithíochta a dteastaíonn feabhsúchán uathu a cheannach agus a athnuachan, agus iad a chur ar fáil le n-úsáid mar thithíocht shóisialta.

- Tá Scéim Deisithe agus Léasaithe tugtha isteach, atá dírithe ar úinéirí tithe folmha. Cuirfear €32m ar fáil sa bhliain 2017 chun maoiniú a dhéanamh ar dheisiú suas le 800 maoin fholamh agus iad a chur ar fáil mar thithe nua do theaghlaigh atá ar liostaí feithimh ag údaráis áitiúla.

- Tá aon-ionad ilfhreastail bunaithe laistigh den Ghníomhaireacht Tithíochta chun comhoibriú níos fearr a chur ar fáil idir Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus údaráis áitiúla chun toradh féideartha ó thailte údaráis áitiúla a uasmhéadú.

- Cuireadh trí áis nua do dhaoine gan dídean ar fáil a bhí ag feidhmiú go hiomlán le linn na Nollag, chomh maith le háis uasghrádaithe bhreise, a chuir 206 leaba bhreise ar fáil dóibh siúd a bhí ag codladh amuigh agus a chuir acmhainn bhreise ar fáil d'aon duine eile a bhféadfadh cúnamh a bheith ag teastáil uathu.

- Tá feachtas eolais ar bun chun feasacht a chur ar fáil faoi 'Abhaile', an tseirbhís nua a seoladh i mí Dheireadh Fómhair chun cabhrú le húinéirí tí teacht ar réiteach faoi riaráistí morgáiste baile.

- Seoladh an Straitéis don Earnáil Cíosa i mí na Nollag chun intuarthacht chíosa a chur ar fáil i réimsí boilscithe cíosa neamh-inbhuanaithe, agus ina bhfuil roinnt beart chun tacú le soláthar trí infheistíocht nua a spreagadh agus acmhainn nach bhfuil á úsáid a thairiscint don mhargadh.

- Tá na Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 2017 sínithe agus tiocfaidh siad i bhfeidhm ar 1 Iúil agus cuirfear i gcrích tiomantais faoi Straitéis Cíosa an Rialtais 2017.

- Tháinig beart intuarthachta cíosa i bhfeidhm ar 13 Nollaig, 2016 i gceithre limistéar d'Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus i gCathair Chorcaí. Bhain sé le 23 baile breise agus cathair na Gaillimhe uile ó mhí Eanáir. Sna Criosanna Brú Cíosa seo, beidh teorainn

4% in aghaidh na bliana ar arduithe cíosa sna 3 bliana seo amach romhainn.

- Tá Grúpa Saineolaithe bunaithe chun deiseanna chun múnla cíosa ar chostas inmharthana a fhorbairt d'Éirinn agus d'earnáil níos mó agus níos dinimiciúla neamhbhrabúis agus Comhacht Tithíochta Ceadaithe a iniúchadh.

## Poist agus an Geilleagar

- Ba 6.4% an ráta dífhostaíochta a bhí ann i mí Márta 2017 agus bhí laghdú míosúil de 3,900 ar an mBeochlár. Is laghdú bliantúil de 48,162 é seo ó mhí Márta, 2016.

- Foilsíodh na chéad tuarascálacha ar an dul chun cinn i bhfeidhmiú na n-ocht bPlean Gníomhaíochta Reigiúnaigh maidir le Poist i mí na Nollag. Mhéadaigh fostaíocht i ngach réigiún agus ba lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a bhí 70% de na poist nua a cuireadh ar fáil sa bhliain 2016. Ba iad an Mheán Iarthar (suas 7.4%), an tIarthar (suas 5.5%) agus an tOirdheisceart (suas 4.6%) na réigiúin ba mhó fáis i dtéarmaí fostaíochta.

- Faoi dheireadh na bliana 2016, bhí 65,100 duine breise fostaithe agus mhéadaigh fostaíocht iomlán sa Stát go dtí 2,048,100.  Don 17ú ráithe as a chéile, tharla méadú bliantúil ar fhostaíocht i R4 2016.

- Cruthaíodh 19,244 post nua in iomláine sa bhliain 2016 i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann agus bhí beagnach dhá thrian de na poist nua seo lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

- Fostaíonn cliantchuideachtaí de chuid an ÚFT beagnach 200,000 duine anois ar fud raon earnálacha agus d'fhógair gach réigiún in Éirinn gnóthachan glan i bpoist sa bhliain 2016.

- Chruthaigh Oifigí Fiontair Áitiúla 7,883 post sa bhliain 2016, i gcomparáid le 7,122 sa bhliain 2015. Ba 34,634 líon iomlán na ndaoine a bhí fostaithe i ngnóthaí beaga a raibh tacaíocht acu ó OFÁ faoi dheireadh na bliana 2016.

- Sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2017, a seoladh i mí Feabhra, leagtar amach gníomhaíochtaí chun 45,000 post a chruthú sa bhliain 2017 agus tá béim láidir ar dhul i ngleic leis na dúshláin láithreacha agus meántéarmacha a bhaineann le himeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, chomh maith le trádáil dhomhanda agus timpeallacht infheistíochta atá níos luainigh agus athraithí.

- I mí na Nollag, cuireadh €1m breise i maoiniú caipitil ar fáil d'OFÁ chun tacú le tionscadail a bhí réidh le tosú agus maoiniú a chur ar fáil dóibh roimh dheireadh na bliana 2016.

- Cuireadh €4m breise i maoiniú caipitil ar fáil d'OFÁ sa bhliain 2017, rud a thug a leithdháileadh caipitil iomlán go €22.5 milliún, méadú de bheagnach 22% ar an €18.5m a leithdháileadh ar dtús sa bhliain 2016.

- Léiríonn meastóireacht ar an gclár *Springboard+*, a foilsíodh i mí na Nollag, nach bhfuil 80% de rannpháirtithe *Springboard+* (2011-2015) ar an mbeochlár a thuilleadh. Líonadh os cionn 30,000 áit ar 1,349 cúrsa ón mbliain 2011 agus bhí 5,825 áit eile ar fáil i bhfómhar na bliana 2016.

- Tá líonra de naoi bhFóram Scileanna Réigiúnacha bunaithe chun fostóirí a thabhairt le chéile leis an gcóras breisoideachais agus ardoideachais chun comhoibriú lena chéile chun na riachtanais scileanna ina gcuid réigiún a chothú.

- Léirigh Athbhreithniú ar an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar an Obair, a rinneadh sa bhliain 2016, gur thacaigh an scéim go héifeachtach le cuardaitheoirí poist ag teacht isteach sa mhargadh saothair, mar go raibh dhá oiread seans ag rannpháirtithe a bheith imithe den Bheochlár idir 6 agus 18 mí araon tar éis na scéime ná mar a bhí ag neamh-rannpháirtithe.

- Ó mhí Eanáir, 2017 laghdaíodh an tréimhse cáilíochta do Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar an Obair ó 12 mí go 9 mí (dóibh siúd a bhfuil teidlíocht bhunúsach Liúntas Cuardaitheora Poist acu).

- Tá grúpa idir-ranna bunaithe agus tá obair ar siúl le Comhairle an Mhargaidh Saothair ar Phlean Gníomhaíochta do Theaghlaigh Dífhostaithe a dhréachtú.

- Léiríonn na figiúirí is déanaí ón LOS fás leanúnach láidir bliantúil eacnamaíoch agus an – OTI-iarmhír ag méadú 5.2% sa bhliain 2016 i gcomparáid leis an mbliain 2015.

- Tuairiscíodh barrachas de €0.6bn sa Státchiste i mí Feabhra, 2017, feabhas bliain-ar-bhliain de €277m go príomha mar gheall ar mhéadú ar ioncam cánach. Tá Buiséad 2017 ag tuar go mbainfimid amach ár gCuspóir Meántéarmach de bhuiséad comhardaithe i dtéarmaí struchtúracha faoin mbliain 2018. Is ionann é sin agus easnamh struchtúrach de 0.5 faoin gcéad den OTI.

- Ba beagnach €117bn luach iomlán na n-onnmhairí sa bhliain 2016, an t-iomlán bliantúil is airde ar taifead. Is méadú €4.5bn (+4%) é sin ar an mbliain 2015.

- I mí Eanáir, d'fhoilsigh Fiontraíocht Éireann a Straitéis 2017-2020, *'Build Scale, Expand Reach'* a bhfuil sé d'aidhm aici onnmhairí cliantchuideachtaí a mhéadú go €26bn sa bhliain faoi dheireadh na bliana 2020, caiteachas i ngeilleagar na hÉireann a mhéadú go €27bn sa bhliain, agus 60,000 post nua a chruthú.

- Tá Éire rangaithe sa 9ú háit as 137 tír san Innéacs um Fhorbairt Fiontraíochta Domhanda a foilsíodh i mí na Samhna, ardú de 3 áit ar an mbliain seo caite. Rangaíodh Éire freisin sa 6ú háit as na 41 tír a ndearnadh measúnú orthu i Réigiún na hEorpa.

- I mí na Samhna, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Bileog Fíricí Acht Chuideachtaí Beaga na hÉireann 2016 inar taispeánadh go bhfuil ceann de na timpeallachtaí FBM is báúla san AE ag Éire.

- Foilsíodh Suirbhé Éileamh Creidmheasa Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide do mhí Aibreáin – mí Mheán Fómhair 2016 i mí na Nollag agus léiríonn sé gur thuairisc 88% de FBM coinníollacha trádála méadaithe nó cobhsaithe agus go raibh brabús á thuairisciú ag 65%.

- D'fhoilsigh Microfinance Ireland a dtorthaí bliantúla i mí Feabhra inar léiríodh gur ceadaíodh an líon iasachtaí ba mhó riamh de 397, €5.4m ina iomláine. Bhí sin roinnte go láidir ar fud na réigiún agus iasachtaí tugtha sna 26 chontae uile agus ba do ghnóthais lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a tugadh 82% acu agus cruthaíodh nó coinníodh beagnach 1,000 post.

- Faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair, 2016, bhí €104m as €336.7m in iomláine buaite ag comhlachtaí atá ag feidhmiú in Éirinn i maoiniú Taighde agus Nuálaíochta iomaíoch a fuarthas trí Fís 2020, agus chuaigh €74m de seo chuig fiontair bheaga agus mheánmhéide de chuid na hÉireann.

- Sa rangú in iris fDi an Financial Times, "cathracha domhanda na todhchaí" a foilsíodh i mí na Nollag, chuaigh Baile Átha Cliath áit amháin níos airde go dtí an tríú háit, ar liosta de chathracha an domhain d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach d'acmhainn gheilleagrach agus cairdiúlacht ghnó.

- I mí na Nollag, d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais a dtuarascáil faoin Dúshlán Iomaíochais 2016, ina raibh cur síos ar raon gníomhartha chun borradh a chur faoi iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann.

- Seoladh Córas Ceadanna Fostaíochta Ar Líne nua i mí Mheán Fómhair 2016 ar éirigh leis ráta glactha 95% a bhaint amach sa chéad dhá sheachtain, ráta glactha a lean ar aghaidh ó shin i leith. Faoin gcóras nua, ní gá go dtógfadh an t-am ó dhéantar an t-iarratas nó go mbeidh cinneadh faoi ach mórán le 5-7 lá oibre le cur i gcrích, tréimhse ama den scoth i gcomparáid le tíortha idirnáisiúnta eile.

- Bhí líon níos mó ná mar a bhí riamh cheana de 9,584,400 cuairteanna thar lear chun na hÉireann sa bhliain 2016, méadú de 10.9% i gcomparáid leis an mbliain 2015.

- Tá bealach nua díreach, Baile Átha Cliath – Miami, fógartha ag Aer Lingus don bhliain 2017. Tabharfaidh sé seo chomh maith le hacmhainní breise ar bhealaí eile deis chun méadú níos mó a chur ar chuairteanna thar lear ó na Stáit Aontaithe go hÉirinn.

- Tá seirbhísí trasatlantacha ar chostas íseal seolta ag Norwegian Air International as Corcaigh, ón tSionainn agus as Baile Átha Cliath an samhradh seo chuig cósta thoir na Stát Aontaithe, rud a thabharfaidh acmhainn agus nascacht bhreise chuig na réigiúin seo, agus a chuirfidh borradh mór faoi Aerfort Chorcaí, Aerfort na Sionna agus faoi thurasóireacht agus gnó áitiúil.

- Tá tús curtha leis an bpróiseas athbhreithnithe ar an bPlean Caipitil lena chinntiú go leithdháiltear maoiniú breise de réir tosaíochtaí náisiúnta eacnamaíocha agus bonneagair sóisialta.

## Forbairt Tuaithe

- Seoladh an Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, 'Ár nAcmhainn Tuaithe a Bhaint Amach', i mí Eanáir, 2017 ina raibh os cionn 270 gníomh agus tá sé á chur i bhfeidhm anois. Is é seo an chéad uair ar forbraíodh creat mar seo chun cur chuige comhordaithe a chur ar fáil ar fud an Rialtais d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta na gceantar tuaithe.

- I mí Feabhra, fógraíodh pleananna chun €27.3m a chur isteach i dtionscadail áineasa bailte, sráidbhailte agus tuaithe sa bhliain 2017 faoin bPlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Beidh na Scéimeanna éagsúla oscailte d'iarratais ar bhonn céimnithe sna míonna amach romhainn.

- Sa bhliain 2016, cuireadh €9.98m ar fáil do 170 tionscadal ar fud na tíre faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2016 a bhfuil sé d'aidhm aici tacú le bailte agus sráidbhailte a athbheochan. Tá €12m curtha ar fáil don scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte in 2017. Táthar ag súil an chéad chéim den scéim a sheoladh i mí Aibreáin 2017 agus an dara céim, céim phíolótach chun áitíocht chónaithe i mbailte agus i sráidbhailte faoin tuath a spreagadh, a sheoladh sa dara leath den bhliain.

- Tá Creat Athbheochana Láir Baile á ullmhú chun tacú le bailte agus sráidbhailte trína nÚdaráis Áitiúla chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le lár baile bríomhar agus inmharthana a chruthú. Tá an Creat le foilsiú i mí an Aibreáin.

- Sa bhliain 2016, fógraíodh maoiniú CLÁR de €8.24m do 651 tionscadal beag bonneagair i gceantair thuaithe a bhfuil bánú suntasach feicthe acu. Seoladh CLÁR 2017 le déanaí le maoiniú €5m.

- Ceadaíodh €7.44m de mhaoiniú sa bhliain 2016 faoin Scéim Áineasa Tuaithe do 117 tionscadal chun forbairt agus cothabháil áiseanna nua áineasa a éascú.

- Sa bhliain 2016, ceadaíodh €6.14m do 47 tionscadal ar fud na tíre faoin tionscnamh REDZ, a bhfuil sé d'aidhm aige forbairt eacnamaíochta a spreagadh i mbailte tuaithe agus an ceantar máguaird.

- I mí na Samhna, seoladh ciste nua €10m do thionscadail Chomhoibrithe LEADER chun grúpaí gníomhaíochta áitiúla a spreagadh chun oibriú le chéile.

- Sa bhliain 2016, leithdháileadh os cionn €1.4m tríd an gCiste Nuálaíochta Tuaithe agus Forbartha faoi CEDRA, inar tacaíodh le tionscadail a chuireann feirmeoireacht shóisialta, fiontraíocht tuaithe na mban agus turasóireacht agraibhia chun cinn.

- I mí Aibreáin, tugadh Léarscáil an Cheantair Idirghabhála maidir le hIdirghabháil Stáit an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda le haghaidh an phróisis sholáthair chun críche. Tabharfaidh sé seo deis do tairgeoirí sa phróiseas soláthair na réitigh atá beartaithe acu a fhorbairt le níos mó cinnteachta.

- D’fhoilsigh Tascfhórsa an Fhóin Póca agus Leathanbhanda a dtuarascáil deiridh i mí na Nollag, inar leagadh amach 40 gníomh chun constaicí ar rochtain leathanbhanda agus seirbhís fóin póca níos fearr a mhaolú. Tá Grúpa Feidhmithe bunaithe chun feidhmiú na tuarascála a stiúradh agus monatóireacht a dhéanamh uirthi.

- Tá oifigeach leathanbhanda á mhaoiniú do gach údarás áitiúil a bheidh ag feidhmiú mar phointe aonair teagmhála le hoibreoirí teileachumarsáide maidir le feidhmiú céimneach leathanbhanda.

- Tá sé molta i dtuarascáil Ghrúpa Oibre Mhol na nOifigí Poist múnla Luach Roinnte a phíolótú in oifigí poist, ina mbeadh spás ilchuspóireach ag gníomhnú in oifigí poist áitiúla don phobal. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis ar bhonn píolótach i cheithre áit sa bhliain 2017.

- D’iarr an Roinn Airgeadais ar an mBanc Ceannais athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht leanúnach theorainneacha coigiltis bhaill den Chomhar Creidmheasa.

- Rinneadh leithdháiltí deontais de €2.77m i mí na Nollag d’Aerfoirt réigiúnacha – Dún na nGall, Ciarraí agus Port Láirge.

## Sláinte

- D’fhoilsigh an Coiste Oireachtais um Thodhchaí Cúraim Sláinte tuarascáil eatramhach i mí Eanáir ag cur síos ar réimsí comhaonaithe lena n-áirítear go háirithe an gá atá le cúram comhtháite, agus seirbhísí a athdhíriú i dtreo príomhchúraim. Táthar ag súil leis an tuarascáil deiridh i dtreo dheireadh mhí an Aibreáin, 2017.

- Tá an chéad chéim eile den phlé ar chonradh nua na DT ar siúl agus thosaigh rannphháirtíocht tosaigh le comhlachtaí ionadaíocha DT i mí Eanáir, 2017. Tá sé d’aidhm conradh nua seirbhísí DT nua-aimseartha a fhorbairt ina mbeidh réimse seirbhísí caighdeánacha agus feabhsaithe a bheidh le cur ar fáil mar chuid de. Gabhfaidh an plé seo i ngleic le réimse leathan saincheisteanna, lena n-áirítear ról na nDT i gcúram ainsealach a chur ar fáil laistigh den phobal.

- I mí Iúil na bliana 2016, mhéadaigh an iontógáil oiliúna DT ó 157 go 172 áit agus tá Plean Náisiúnta Seirbhíse FSS 2017 ag tuar meadú breise, go dtí 187 áit i mbliana.

- Tá laghdú amanna feithimh do na hothair is faide feithimh ar cheann de phríomhthosaíochtaí an Rialtais. Faoin bPlean Gníomhaíochta Liosta Feithimh 2016, laghdaíodh go mór líon na n-othar b’fhaide a bhí ag feitheamh ar ghnáthamh othar cónaitheach nó cás lae, ó 4.5% den Liosta Feithimh Othar Cónaitheach/Cás Lae iomlán i mí Iúil, go 2% faoi dheireadh mhí na Nollag. Tháinig laghdú 99.4% ar líon na n-othar ag fanacht os cionn 12 mí ar ionscópacht ghnáthamh faoi Thionscnamh Ionscópacht an CNCC don bhliain 2016.

- I mí na Nollag na bliana 2016, tugadh cead don CNCC tionscnamh liosta feithimh Cásanna Lae a bheith ar fáil agus é d’aidhm aige a chinntiú nach mbeadh aon othar ag fanacht níos

faide ná 18 mí faoin 30 Meitheamh, 2017. Beidh os cionn 2,000 Cás Lae á mbainistiú tríd an bpróiseas seo agus tosóidh othair ag fáil a gcuid coinní do ghnáthaimh i mí an Mhárta.

- Táthar ag súil Pleananna Gníomhaíochta Liostaí Feithimh don bhliain 2017, atá á bhforbairt sna réimsí a bhaineann le hOthar Cónaitheach/Cás Lae, Scolóis agus Seirbhísí d'Othair Sheachtracha ar mhaithe le laghdú a chur ar líon na n-othar fad-feithimh, a fhoilsiú go luath.

- Sa bhliain 2016, tugadh tacaíocht d'os cionn 23,100 duine faoi Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais (*Fair Deal*) agus ní raibh an t-am a caitheadh ar liosta socrúcháin do mhaoiniú níos faide ná ceithre seachtaine i rith na bliana.

- Tá an Bille Sláinte (Leasú) 2017 os comhair Thithe an Oireachtais faoi láthair. Faoin mBille beidh cárta leighis ar fáil do gach páiste maidir lena ndéanfar íocaíocht Liúntas Cúraim Baile.

- An 1 Nollaig, 2016 tháinig an clár leathnaithe vacsaínithe do pháistí i bhfeidhm a chuimsigh  vacsaíní in aghaidh meiningíteas B agus rótaivíris.

- Faoi mar a moladh i dTuarascáil Herity, cuireadh maoiniú €.5m breise ar fáil d'Ospidéal Ollscoile Phort Láirge sa bhliain 2017 a chuirfidh ar chumas an ospidéil 2 sheisiún saotharlainne um chataitéarú (8 n-uaire) breise sa tseachtain a chur ar fáil.

- Seoladh an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar i mí na Nollag chun díriú ar phríomhthionscnaimh faoi bheartais thábhachtacha shábháilteachta othar lena n-áirítear dul chun cinn i reachtaíocht faoi shábháilteacht othar, Comhairle Náisiúnta Chomhairleach um Shábháilteacht Othar a bhunú, agus samhail do Sheirbhísí Tacaíochta Othar a fhorbairt.

- Seoladh gréasán Náisiúnta Cathracha agus Contaetha Sláintiúla na hÉireann i mí na Samhna chun struchtúr a fhorbairt agus tacaíochtaí a chur ar fáil ag leibhéal áitiúil chun Éire Shláintiúil, Creat d'Fholláine agus Sláinte Feabhsaithe 2013-2025 a chur i bhfeidhm.

- Foilsíodh an Bille um Mí-Úsáid Drugaí (Saoráidí Insteallta Maoirsithe) 2017 ina bhfuil foráil chun ceadúnas a eisiúint chun saoráid insteallta maoirsithe a oibriú, i mí Feabhra agus tá sé os comhair Thithe an Oireachtais.

- Tá grúpa idir-rannach bunaithe chun an Clár Aclaí don Obair, *'Healthy You: Early Intervention*"*'* a chur chun cinn. Reáchtáladh fóram do pháirtithe leasmhara i mí na Nollag chun tuairimí a fháil faoi raon an chláir chomh maith le saincheisteanna thart ar a dhearadh agus a fheidhmiú a aithint.

- Foilsíodh an Bille um Dhliteanas Sibhialta (Leasú) i mí Eanáir 2017 agus tá sé os comhair Thithe an Oireachtais faoi láthair. Tá foráil sa Bhille do dhámhachtain damáistí i gcásanna díobhála tubaisteacha trí orduithe íocaíochtaí tréimhsiúla ina dtabharfar sláine airgeadais a bhfuil géarghá léi dóibh siúd a dteastaíonn cúram uathu ar feadh a saoil.

## Meabhairshláinte

- Tá clár nua Folláine le tabhairt isteach do scoláirí na chéad bhliana ó mhí Mheán Fómhair 2017 mar chuid den Chreat nua don tSraith Shóisearach. Foilseofar treoirlínte do scoileanna go luath chun cuidiú leo a gclár aonair Folláine a chur le chéile.

- Ó bunaíodh é, bíonn cruinniú míosúil ag an Tascfhórsa Náisiúnta um Mheabhairshláinte na hÓige agus cuireadh tús le sraith comhairliúchán le daoine óga, tugadh cuairt ar sheirbhísí túslíne, agus bhuail sé le húsáideoirí seirbhísí, tuismitheoirí agus an fhoireann.

- Tá an Feachtas Náisiúnta Feasachta um Néaltrú – *Understand Together* bunaithe mar chuid d'fheachtas 3 bliana atá dírithe ar fheasacht agus ar thuiscint ar néaltrú a chothú.

- Seoladh Tionscadal Oideachais Bisigh, arna mhaoiniú ag Genio, don Mheán-Iarthar i mí na Samhna. Déanfar cúrsaí a fhorbairt a bhaineann le biseach ó ghalair mheabharshláinte a bheifear ábalta a chur ar fáil ar fud an réigiúin i gceist.

- Seoladh Sraith Náisiúnta Foghlama chun Biseach a Chur Chun Cinn in Éirinn chun athruithe eagraíochtúla agus cultúrtha a dhéanamh i seirbhísí meabhairshláinte chun tacú leis na seirbhísí sin a bheith níos 'dírithe ar bhiseach'.

## Daoine faoi Mhíchumas

- Foilsíodh an Bille um Míchumas/Comhionannas (Forálacha Ilghnéitheacha) 2016 i mí na Nollag chun Coinbhinsiún na NA um Chearta Daoine faoi Mhíchumas a dhaingniú.

- Tá dhá thuarascáil foilsithe faoi nithe a bhaineann le cúram daoine aonair faoi mhíchumas i dteach altrama san Oirdheisceart. Tá sé i gceist Coimisiún Fiosrúcháin a bhunú faoi na nithe atá faoi chaibidil sna tuarascálacha seo.

- Tá tacaíocht spriocdhírithe curtha ar fáil faoin tSamhail um Chuimsiú Rochtana do leanaí faoi mhíchumas chun rochtain a fháil ar an gclár COLÓ i níos mó ná 2,700 cás ó seoladh é i mí an Mheithimh seo caite.

- Mar chuid de scéim na Samhla um Chuimsiú Rochtana, tá 18 bpost nua do shaineolaithe fógartha sa tSeirbhís Luathbhlianta. Faoi lár mhí an Mhárta, bhí 4,149 cuairt tugtha ar réamhscoileanna agus comhairle agus treoir curtha ar fáil ag lucht na seirbhíse lena linn.

- Tá Plean Oibre don bhliain 2017 foilsithe ag an Tascfhórsa um Bhuiséid Phearsantaithe ina n-aithnítear seacht sruth oibre a bhfuil tréimhsí ama leo. Foilsíodh Doiciméad Tionscnaimh Tionscadail freisin inar leagadh amach an fhís a bhí laistiar de bhunú an Tascfhórsa, struchtúr an Tascfhórsa, agus raon gníomhaíochtaí an Ghrúpa Straitéise agus an Ghrúpa Comhairleach & Comhairliúcháin.

- D'aistrigh 73 duine ó áiseanna institiúideacha chuig maireachtáil phobalbhunaithe sa bhliain 2016. Beifear ag tacú le haistriú 223 duine breise sa bhliain 2017 de réir an bheartais atá leagtha amach in *""Time to Move on from Congregated Settings".*

- Seoladh treoirlínte nua dearaidh tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas meabhrach i mí na Samhna inar díríodh ar dhearadh tí a fheabhsaíonn maireachtáil neamhspleách agus caighdeán saoil níos fearr do dhaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu.

- Ón 2 Eanáir, 2017, faigheann cúramóirí liúntas breise 12 seachtaine tar éis don duine a raibh siad ag tabhairt aire dul isteach i gcúram buan fadtéarmach.

## Leanaí agus Daoine Scothaosta

- Tá tuarascáil agus Plean Gníomhaíochta an Ghrúpa Oibre um Chúram Leanaí Aois Scoile foilsithe agus tá roinnt moltaí agus gníomhartha san áireamh iontu chun cuidiú le cúram inrochtana, ar ardchaighdeán, inacmhainne a chur ar fáil do gach páiste atá in aois scoile.

- Foilsíodh Scéim Ghinearálta an Bhille nua um Chúram Leanaí Inacmhainne i mí Eanáir. Tá sé d'aidhm ag an Scéim um Chúram Leanaí Inacmhainne cúram leanaí a dhéanamh níos inrochtana do theaghlaigh, trí fhóirdheontais uilíocha a chur ar fáil do gach páiste idir sé mhí agus trí bliana d'aois, agus fóirdheontais spriocdhírithe, bunaithe ar ghlanioncam na dtuismitheoirí, do pháistí idir sé mhí agus 15 bliana d'aois.

- Seoladh foráil speisialta i mí Eanáir faoin Scéim Fóirdheontais um Chúram Leanaí Pobail a chuireann rochtain ar chúram leanaí ar fáil in aisce do pháistí theaghlaigh atá gan dídean.

- Tá Scéim Ghinearálta an Bhille um Chúram Leanaí (Leasú), 2017 ceadaithe agus foilsithe. Déanfaidh an Bille leasú ar shocruithe ad litem caomhnóra lena chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga ar a bhfuil an tseirbhís dírithe orthu.

- Bunaíodh an Chéad Ghrúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach Reachtúil Leanaí agus tá dianobair ar siúl lena chinntiú go bhfuil gach earnáil réidh chun Chéad Acht na Leanaí 2015 a thosú faoi dheireadh na bliana 2017.

- Foilsíodh an Bille Sláinte (Leasú) 2017 a laghdóidh an táille oidis do shealbhóirí cártaí leighis atá 70 bliain d'aois agus os a chionn agus dá gcleithiúnaithe. Tá an táille nua tugtha isteach ar bhonn riaracháin ón 1 Márta, 2017.

- Sa bhliain 2016, cuireadh thart ar 10.57 milliún uair an chloig de chúnamh baile ar fáil do 47,800 duine. Fuair 16,450 duine Pacáiste um Chúram Baile agus fuair 190 duine eile Dianphacáiste um Chúram Baile.

- Seoladh *Positive Ageing 2016,* an chéad thuarascáil ar Tháscairí Náisiúnta um Aosú Dearfach i mí na Samhna agus cuireadh torthaí i láthair ó raon leathan acmhainní atá ann cheana féin faoi na nithe atá tábhachtach do dhaoine scothaosta.

- Tá an Dúshlán Uilíoch Dearaidh d'Atógáil na hÉireann 2017 seolta chun nuálaíocht i ndearadh agus ag seachadadh réitigh tithíochta do dhaoine scothaosta a spreagadh agus a chur chun cinn.

- Méadaíodh 10% go €55m an maoiniú don Scéim Oiriúnaithe Tithíochta sa bhliain 2016 agus bhain 8,010 teaghlach tairbhe as an scéim.

- Bhain 7,301 duine tairbhe as an Scéim Foláirimh Sinsearach sa bhliain 2016, agus caitheadh €1.8m uirthi ina hiomláine. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an Scéim faoi láthair ina bhfuil feabhsuithe féideartha le n-aithint, lena n-áirítear dul chun cinn na teicneolaíochta.

## Oideachas agus Oiliúint

- Sa bhliain 2016, críochnaíodh 30 scoil nua agus 20 síneadh/athchóiriú ar scála mór inar cuireadh 15,290 áit bhreise scoile bhuan ar fáil agus 4,746 áit athsholáthair scoile. Faoin Scéim um Chóiríocht Bhreise, críochnaíodh 182 tionscadal agus cuireadh 6,998 áit bhreise scoile bhuan ar fáil.

- Seoladh an Plean Gníomhaíochta nuashonraithe nua Oideachais 2017 i mí Feabhra ina raibh cur síos ar na céadta gníomhartha agus fo-ghníomhartha atá le cur i bhfeidhm i rith na bliana. Foilsíodh athbhreithniú deireadh bliana ar an bPlean Gníomhaíochta Oideachais 2016 freisin.

- I mí na Samhna, leithdháileadh 430 múinteoir acmhainne breise ar scoileanna chun tacú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tugann sé sin an líon iomlán múinteoirí acmhainne don scoilbhliain 2016/17 go 7,429 post, méadú 9% i dhá mhí dhéag.

- Leithdháileadh 115 Cuntóir Riachtanas Speisialta breise ar scoileanna ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh 2017. Tugann sé sin líon iomlán na gCuntóirí Riachtanas Speisialta go 13,015, méadú 22% ón mbliain 2011.

- Foilsíodh an Plean DEIS 2017 i mí Feabhra chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil trí spriocanna nua a leagan amach chun litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú tuilleadh, rátaí críochnaithe scoile a fheabhsú, agus chun dul chun cinn chuig breisoideachas agus ardoideachas a fheabhsú.

- Tá 825 scoil san áireamh faoin gclár DEIS don scoilbhliain 2016/17. Cuirfear 79 scoil bhreise leis an gclár ón scoilbhliain 2017/18.

- Foilsíodh an tAthbhreithniú Eatramhach den Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol (2011-2020) agus bhí feabhas mór ar léitheoireacht agus matamaitic le linn na tréimhse. Tá spriocanna uaillmhianacha nuashonraithe nua leagtha amach do 2017-2020 chun aird a choinneáil ar na réimsí a dteastaíonn aird a choinneáil orthu.

- Taispeánann na torthaí OECD PISA is déanaí, a foilsíodh i mí Eanáir, go bhfuil páistí 15 bliana d'aois na hÉireann, sa bhliain 2015, i measc na bpáistí is fearr i dtíortha an OECD sa léitheoireacht agus go bhfuil siad ag feidhmiú i bhfad níos airde ná an meán san OECD sa mhatamaitic agus san eolaíocht.

- Foilsíodh Athbhreithniú Chiste Cúnta na Scoláirí ina bhfuil athdhearbhú go bhfuil éileamh láidir i gcónaí ar chúnamh do scoláirí agus aithnítear dúshláin a bheidh ann amach anseo. Tacaíonn an ciste le scoláirí ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste a dteastaíonn tacaíocht airgeadais uathu ar bhonn leanúnach.

- Tá pleananna nua fógartha atá dírithe ar níos mó scoileanna ilchreidmheacha agus neamh-shainchreidmheacha a chur ar fáil ar fud na tíre, ar aon dul le roghanna teaghlaigh agus pobail scoile.

- Ceadaíodh agus foilsíodh Scéim Ghinearálta an Bhille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) 2016 i mí na Nollag. Faoin mBille seo beidh ar scoileanna Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a fhoilsiú agus a fheidhmiú ina leagfar amach na prionsabail a thabharfaidh treoir faoin tslí ar cheart do scoileanna plé le tuismitheoirí agus scoláirí.

- Tá €30m leithdháilte ar scoileanna chun trealamh TFC a chur ar fáil faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020.

- Tá 4,600 uair an chloig cóitseála á gcur ar fáil do 400 ceannaire scoile faoi sheirbhís nua chóitseála ón Lárionad Ceannaireachta Scoile atá á feidhmiú go céimneach ó mhí Eanáir, 2017.

- Tá meantóirí sannta do Phríomhoidí Iar-bhunscoile nuacheaptha ar fud na tíre agus do Phríomhoidí Bunscoile nuacheaptha atá lonnaithe i gCúige Laighean.

- Tá Clár Iarchéime nua i gCeannasaíocht Scoile fógartha do mhúinteoirí atá ag tnúth a bheith i bpoist shinsearacha ceannaireachta scoile. Glacfar leis na chéad mhic léinn i mí Mheán Fómhair na bliana 2017 agus beidh an clár oscailte do thart ar 200 rannpháirtí in aghaidh na bliana.

- Seoladh tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Oideachais ETIM agus moltaí déanta inti lena n-áirítear eolaíocht ríomhaireachta agus códú, a thabhairt isteach mar ábhar Ardteistiméireachta.

- Roghnaíodh 44 tionscadal chun suas le €2.8m de mhaoiniú a fháil chun go mbeadh tuiscint níos fearr ag an bpobal ar eolaíocht agus teicneolaíocht, go mbeadh méadú ar líon na ndaoine in oideachas a dhéanfadh ETIM agus go gcuirfí feabhas ar éagsúlacht in ETIM.

- Seoladh an Beartas um Oideachas Gaeltachta 2017-2022 i mí Dheireadh Fómhair inar leagadh amach an tslí a gcuirfear tacaíocht ar fáil do scoileanna Gaeltachta chun oideachas ar ard-chaighdeán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil.

- Fógraíodh €28.5m i mí na Samhna faoin Deontas Mionoibreacha do bhunscoileanna ar fud na tíre.

- Seoladh an *Plean Gníomhaíochta chun Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna in Éirinn a Leathnú 2016-2020* i mí Eanáir, agus é d'aidhm 50,000 printíseacht agus cúrsa oiliúna a bheith cláraithe agus curtha ar fáil faoin mbliain 2020.

- Seoladh dhá phrintíseacht nua, Printíseacht an Chleachtóra Árachais agus Printíseacht an Innealtóra Tionsclaíoch, sa bhliain 2016 agus tá 13 printíseacht nua eile le seoladh níos déanaí i mbliana.

- Mar gheall ar thuarascáil fhabhrach an ghrúpa meastóireachta ar an Scéim Tacaíochta Fostaíochta phíolótach, tá dhá atriall bhreise ar an scéim beartaithe don bhliain 2017 – ceann i Luimneach a thosóidh i mí na Bealtaine agus ceann eile i mBaile Átha Cliath Thuaidh a thosóidh i mí Mheán Fómhair.

## Coiriúlacht, an Córas Dlí agus Comhionannas

- Leithdháileadh €55m de mhaoiniú ar na Gardaí chun dul i ngleic le coireanna drongchoirpeachta trí bhearta a tugadh isteach lena n-áirítear Tascfhórsa Speisialta Coireachta chun an tslí a ndéileáiltear le coireacht eagraithe a fheabhsú, agus Aonad Tacaíochta Armtha tiomnaithe de chuid an Gharda Síochána a bhunú.

- Foilsíodh an Bille um Bannaí (Leasú) chun oibriú an chórais bannaí a neartú agus é d'aidhm an dlí a dhéanamh chomh héifeachtach agus is féidir chun an pobal a chosaint in aghaidh coireanna a dhéanann daoine a bhíonn ar bannaí lena n-áirítear clibeáil leictreonach má iarrann na Gardaí é.

- Foilsíodh an Bille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2016 a thabharfaidh feidhm do Threoir an AE faoina mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartach coireachta.

- Leithdháileadh os cionn €1.7m ar caoga is ocht eagraíocht a oibríonn le híospartaigh coireachta.

- Foilsíodh an Bille um Fhoréigean Baile.  Cuirfidh an Bille feabhas ar na cosaintí atá ar fáil d'íospartaigh foréigin teaghlaigh agus tá sé d'aidhm leis próiseas na cúirte a dhéanamh níos éasca d'íospartaigh. Is céim mhór chun cinn é an Bille freisin i dtreo dhaingniú na hÉireann ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean teaghlaigh agus foiréigean in aghaidh na mban a chosc agus a throid (Coinbhinsiún Iostanbúl).

- Seoladh feachtas náisiúnta feasachta, "*What would you do?*" chun aird níos mó a tharraingt ar fhoiréigean teaghlaigh agus gnéis, agus chun daoine ar an láthair a chur i mbun gnímh agus é d'aidhm an foiréigean seo a laghdú agus a chosc.

- Feabhsaíonn agus nuashonraíonn an tAcht Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017 a hachtaíodh le gairid dlíthe chun dul i ngleic ar theacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach a dhéanamh ar pháistí.

- Fógraíodh bunmhaoiniú breise de €2m do Phobal Idirnáisiúnta na Croise Deirge chun tacú lena n-obair dhaonnúil i limistéir choinbhleachta cosúil leis an tSiria agus an Nigéir. Fuair PICD maoiniú iomlán de €14m sa bhliain 2016.

- Athlonnaíodh 240 iarrthóir tearmainn ón nGréig sa bhliain 2016, agus athlonnaíodh os cionn 510 Teifeach ón Liobáin in Éirinn anuraidh.

- Seoladh Straitéis Imeasctha Imirceach 2017-2020 agus Ciste Imeasctha Pobail chun creat do bheart Rialtais a chur ar fáil agus chun imeascadh ag leibhéal áitiúil a chur chun cinn. Beidh €500,000 ar fáil don bhliain 2017 do ghrúpaí pobalbhunaithe chun imeascadh ina gceantar féin a chur chun cinn.

- Tháinig an Nós Imeachta Iarratais Aonair, a bhfuil foráil dó faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015, i bhfeidhm ar 31 Nollaig 2016, ag athchóiriú an phróisis iarratais agus ag laghdú an ama a chaitear i gcóiríocht a chuireann an Stát ar fáil.

- Bunaíodh Coiste Straitéise chun comhairle a thabhairt faoi Straitéis nua Náisiúnta Ban 2017-2020 a dhréachtú. Tá an obair beagnach déanta agus táthar ag súil go mbeidh an Straitéis le foilsiú go luath.

- Ar 1 Márta, rinne an Taoiseach ráiteas sa Dáil ag deimhniú go n-aithníonn an Stát an Lucht  Siúil mar ghrúpa eitneach ar leith laistigh de náisiún na hÉireann.

- Seoladh Seirbhís Chomhairleoireachta don Lucht Siúil, *'Meabhairshláinte an Lucht Siúil – An Bhearna á Dúnadh trí Chomhpháirtíocht'* chun dul i ngleic le saincheisteanna meabhairshláinte atá os comhair an lucht siúil.

- Tá an Breitheamh Pat McCartan ceaptha ag an Rialtas chun fianaise nua a deir Coiste Gaolta agus Íospartaigh an Stardust atá faighte acu a mheas, ionas gur féidir moladh a dhéanamh ar cheart nó nár cheart go mbunófaí Coimisiún Fiosrúcháin faoi Thubaiste an Stardust sa bhliain 1981.

## Talmhaíocht

- Le linn misean trádála faoi cheannaireacht Aire chuig Stáit na Murascaille in éineacht le toscaireacht d'os cionn 30 cuideachta agraibhia agus agraiteicneolaíochta na hÉireann rinneadh socruithe níos fearr maidir le mairteoil na hÉireann a bheith ar mhargadh na hAraibe Sádaí.  Roimhe sin, athoscalaíodh margadh na hÉigipte do mhairteoil na hÉireann i mí Eanáir.

- Seoladh Scéim Iasachta Tacaíochta Talmhaíochta um Shreabhadh Airgid ina bhfuil iasachtaí solúbtha suas go dtí €150k ar chostas íseal á dtairiscint ar feadh téarma suas go 6 bliana ag ráta de 2.95%. Cuirfidh an Scéim nua laghdú ar chuid den bhrú atá ag teacht ó na deacrachtaí atá sa mhargadh faoi láthair lena n-áirítear luaineacht airgeadra ó tionóladh an reifreann ar imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

- Seoladh Scéim Leasa Caorach nua €25m d'fheirmeoirí caorach na hÉireann i mí Eanáir, 2017 agus fuarthas 21,000 iarratas.

- Tá córais sábhála uisce báistí san áireamh sa Bheart Curaíochta nua a seoladh ar 8 Márta, 2017 faoin Scéim TAMS.

- Tá cuótaí iascaireachta de €280m daingnithe d'iascairí na hÉireann don bhliain 2017, méadú 6% ar an mbliain 2016.

- Tá €28m d'infheistíocht chaipitil leanúnach fógartha i 6 lárionad calafoirt iascaireachta agus i gcalafoirt níos lú in Éirinn chun tacú le sábháilteacht, cothabháil agus próiseáil agus forbairt iascaireachta.

- Tá €12m i maoiniú á chur ar fáil do sheacht nGrúpa um Ghníomhaíocht Áitiúil Iascaigh atá dírithe ar fhorbairt áitiúil i limistéir agus i bpobail cois cósta.

## Athrú Aeráide

- Seoladh comhairliúchán poiblí i mí an Mhárta ar an gcéad Phlean Náisiúnta Maolaithe de chuid na hÉireann ina bhfuil ceisteanna faoin leagan amach is cóir a bheith ag Éire chun na chéad chéimeanna tábhachtacha a thógáil ar mhaithe leis an gcuspóir náisiúnta trasdula a bhaint amach faoin mbliain 2050.

- Fógraíodh struchtúr an Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide a bheidh ar siúl ar dtús ar feadh tréimhse dhá bhliain i mí an Mhárta. Bunófar Grúpa Stiúrtha agus cuirfear Rúnaíocht i bhfeidhm chun an próiseas a riaradh.

- Tá measúnú eacnamaíoch déanta agus socraíodh i gcomhairliúchán poiblí tionchar a imirt ar dhearadh deiridh agus fheidhmiú Scéim Dhreasachta Teasa In-athnuaite mar chuid de thiomantas na hÉireann a chinntiú faoin mbliain 2020, go mbeidh 12% dár n-éileamh teasa ag teacht ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite.

- Caitheadh €54m ar an gClár Fuinnimh Níos Fearr sa bhliain 2016, chun uasghrádú thart ar 21,000 teaghlach a éascú. Fuair 36 grúpa pobail eile maoiniú d'uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh faoin gclár Pobail Fuinnimh Níos Fearr. Tá €20m breise leithdháilte don Chlár Tithe Níos Fearr don bhliain 2017 rud a thugann an buiséad go €74m.

- Foilsíodh an chéad Straitéis Éifeachtachta Fuinnimh don Earnáil Phoiblí 2017-2020 i mí Eanáir inar cuireadh struchtúir nua rialachais agus tacaíochtaí feabhsaithe ar fáil chun cuidiú le comhlachtaí san earnáil phoiblí an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh de 33% a bhaint amach faoin mbliain 2020.

- Tá an obair beagnach críochnaithe ar Chreat Náisiúnta Beartais do Bhonneagar Breoslaí Malartacha agus foilseofar é go luath. Beidh aistriú chuig feithiclí a bhfuil malairt breosla iontu ag teastáil chun laghdú suntasach a chur ar astuithe iompair na hÉireann tríd is tríd.

- Bunaíodh Tascfhórsa Idir-Rannach d'Feithiclí um Astúcháin Ísle chun raon na mbeart agus na roghanna atá ar fáil don Rialtas chun dlús a chur le húsáid teicneolaíochtaí ísealcharbóin a mheas.

- Tar éis comhairliúchán poiblí, tá gach ceann den 29 Dréachtphlean Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte curtha isteach chuig OOP anois ag Údaráis Áitiúla.

- Le linn na bliana 2016, d'aithin Grúpa Oibre Comhordaithe Ghníomhaireacht an Stáit faoi Bhaol Tuilte na Sionainne roinnt tionscnamh sonrach comhoibríoch lena n-áirítear tionscadal píolótach faoi leibhéil uisce ar na lochanna a ísliú, measúnú ar "phointí teannais" a haithníodh agus clár straitéiseach cothabhála a fhorbairt.

- Foilsíodh Tuarascáil Athbhreithnithe faoin tslí ar déileáladh le tuilte an gheimhridh seo caite ina ndéantar cur síos faoi chomh hullmhaithe is a bhíothas agus an freagra a thug Gníomhaireachtaí Stáit ar chomh dona is a bhí an aimsir chomh maith le sonraí a thabhairt faoi na bearta tarrthála a chuir an Rialtas i bhfeidhm chun déileáil le hiarmhairt na dtuilte.

## Infheistiú sa tSochaí

- Foilsíodh Tuarascáil Chathair Bhaile Átha Cliath Láir Thoir Thuaidh a d'ullmhaigh Kieran Mulvey inar moladh roinnt príomhréimsí ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh ó thaobh gníomhaíochta lena n-áirítear: dul i ngleic le coireacht agus drugaí; deiseanna oideachais agus oiliúna a uasmhéadú agus fostaíocht áitiúil a chruthú; córas comhtháite seirbhísí sóisialta a chruthú; agus an tírdhreach fisiceach a fheabhsú. Tá obair ar siúl chun oifig cláir nua a bhunú chun tacú leis an bplean feidhmiúcháin a fhorbairt i gcomhairle leis na hearnálacha áitiúla pobail, gnó agus reachtúla.

- Fógraíodh maoiniú €1.75m faoi scéim na gcuntas díomhaoin chun tacú le fiontair shóisialta a chuireann seirbhísí ar fáil chun dul i ngleic le heisiamh sóisialta, dífhostaíocht agus míbhuntáiste.

- Seoladh Scéim na nÁiseanna Pobail agus maoiniú €2m chun deontais chaipitil a chur ar fáil d'eagraíochtaí agus do ghrúpaí pobail i gceantair uirbeacha agus thuaithe faoi mhíbhuntáiste.

- Leithdháileadh €5.1m faoi Mhaoiniú na gCuntas Díomhaoin chun seirbhísí nuálacha nua do pháistí agus do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste a fhorbairt. Beidh os cionn €3m den airgead dírithe ar sheirbhísí nuálacha a fhorbairt a choinneoidh daoine óga amach as trioblóid.

- Seoladh babhta nua maoinithe €30m i mí Eanáir faoin gClár Caipitil Spóirt chun bonneagar spóirt ar fud na tíre a fhorbairt don bhliain 2017. Fuarthas 2,320 iarratas, an líon ba mhó riamh, agus fógrófar na leithdháiltí níos déanaí sa bhliain.

- Seoladh comhairliúchán poiblí faoi Chreat nua chun Beartas Náisiúnta Bearta Spóirt a fhorbairt a chuirfidh creat fadtéarmach spóirt ar fáil in Éirinn agus a leagfaidh síos clár oibre straitéiseach do Spórt Éireann. Táthar ag súil go mbeidh an Creat le foilsiú i lár na bliana 2017.

- Tá tús curtha le seirbhísí ar líne nua Tolláin Pháirc an Fhionnuisce. Tá nasc díreach ag seacht dtraein nua buaicmhaidine agus ocht dtraein nua buaicthráthnóna idir stáisiúin in iardheisceart Bhaile Átha Cliath agus tuaisceart Chill Dara agus an ceantar lárnach gnó idir Stáisiún Uí Chonghaile agus Duga na Canálach Móire.

- Seoladh Tionscnamh Frithdhumpála 2017 agus leithdháileadh tosaigh  €650,000 chun maoiniú a sholáthar do thionscadail atá ag dul i ngleic le dumpáil neamhdhleathach agus chun díriú orthu siúd a bhfuil baint acu leis an gcleachtas mídhleathach sin.

## Éire agus an Domhan Mór

- Tá Clár Oidhreacht an Rialtais d'Éirinn 2016, 'Éire Ildánach' seolta.  Tá sé d'aidhm ag an tionscnamh cúig bhliana uile-rialtais rochtain ar ghníomhaíocht chultúir agus chruthaitheach i ngach contae ar fud na tíre a fheabhsú.  Cuirfear deich mórthionscnaimh lena n-áirítear Cruinniú na Cásca, lá náisiúnta nua de chultúr agus cruthaitheacht, a bheidh ar siúl ar fud na tíre ar Luan Cásca, ar fáil faoin gClár sa bhliain 2017.

- Fógraíodh os cionn €9m i maoiniú caipitil d'ionaid ealaíon agus chultúir ar fud na tíre i Feabhra 2017 mar chuid den chlár Éire Ildánach. Bainfidh 56 eagraíocht cultúrtha ina n-iomláine tairbhe as an infheistíocht chaipitil sin.

- Tá méaduithe ar mhaoiniú curtha ar fáil thar raon comhlachtaí ealaíon agus oidhreachta agus institiúidí cultúrtha lena n-áirítear: €5m breise don Chomhairle Ealaíon, méadú €1m do Chultúr Éireann, méadú €2m do Bhord Scannán na hÉireann, €1m breise don Chomhairle Oidhreachta, agus €2m ionas gur féidir na sciatháin stairiúla nua-athchóirithe i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann a oscailt agus oscailt Theach Chill Airne.

- Tá maoiniú €850,000 fógartha chun tacú leis an bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

- D’fhreastail an Taoiseach ar an 23ú Seisiún Iomlánach den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas i mí na Samhna áit a raibh plé ar na himpleachtaí ón Reifreann sa Ríocht Aontaithe don dá dhlínse, an léargas iomlán eacnamaíoch Thuaidh agus Theas, Tuarascáil ar Thiomantais Bhonneagair sa Chomhaontú Tús Nua agus Tionscnamh Thairseach an Iarthuaiscirt.

- Tá plean soiléir cuimsitheach curtha i bhfeidhm ag an Rialtas mar fhreagra ar imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, ag díriú ar leas na hÉireann a chosaint agus a chur chun cinn i ngach cás. Táthar tar éis tabhairt faoi dhianphróiseas anailíse, comhairliúcháin agus teagmhála ar fud an Rialtais, faoi cheannas an Taoisigh.

- Tá na tosaíochtaí is mó i gcás imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach leagtha amach ag an Rialtas: An tionchar ar thrádáil agus ar an ngeilleagar a íoslaghdú; Próiseas

Síochána Thuaisceart Éireann a chosaint; An Comhlimistéar Taistil a choinneáil; agus tionchar a imirt ar thodhchaí an Aontais Eorpaigh.

- Anois go bhfuil Airteagal 50 curtha ar siúl, foilseoidh Rialtas na hÉireann, roimh chruinniú Chomhairle na hEorpa ar 29 Aibreán, páipéar comhdhlúite ina dtabharfar níos mó mionsonraí faoinár dtosaíochtaí agus ár gcur chuige i leith na hidirbheartaíochta atá amach romhainn.

- Reáchtáladh an dara Comhphlé Sibhialta Uile-Oileáin faoi imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach an 17 Feabhra i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus d'fhreastail grúpaí sochaí cathartha, grúpaí gnó, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus na príomhpháirtithe polaitíochta ar an oileán air.

- Reáchtáladh ceithre cinn déag de Chomhráite Earnála freisin faoi imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ag díriú ar réimsí lena n-áirítear agraibhia, bia mara, foraoiseacht, fiontair bheaga agus mheánmhéide réigiúnacha agus pobail ar an teorainn agus faoin tuath.

- Sa dara babhta maoinithe in 2016, fógraíodh €1m don Fhóram Líonraithe Athmhuintearais i mí na Nollag chun tacú le 60 eagraíocht a oibríonn ar an tsíocháin agus athmhuintearas.

- Seoladh comh-bhileog Thuaidh-Theas '*Concerned About Suicide*' i mí na Samhna chun cabhrú le díriú ar fheasacht agus daoine a chur i dteagmháil le foinsí tacaíochta.

- Seoladh Straitéis Trádála agus Infheistíochta nua, "*Ireland Connected: Trading and Investing in a Dynamic World*", a chuireann creat uileghabhálach ar fáil chun éagsúlú i margaí nua agus fás a threisiú i margaí atá ann cheana féin d'onnmhairithe na hÉireann, infheistíocht sa tír, turasóireacht agus oideachas idirnáisiúnta.

- Táthar tar éis a bheith ag díriú ar chaidreamh polaitiúil, trádála agus eacnamaíoch na hÉireann a chur chun cinn i misin thrádála faoi cheannas Airí lena n-áirítear go Dubai, Beijing agus Hong Cong, Páras, Nua-Eabhrac agus San Francisco, an Chéinia, Vársá, Vítneam, Shenzhen agus Tóiceo, Stáit na Murascaille, an India, an Afraic Thuaidh, agus an Ríocht Aontaithe.

- Bhíothas ag díriú freisin ar Éire a chur chun cinn mar láthair do ghnó agus infheistíocht idirnáisiúnta i gcomhthéacs imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus forbairtí domhanda eile atá ann faoi láthair.

- Thar thréimhse Lá Fhéile Pádraig, thug 26 Aire cuairt ar 27 tír, chun Éire agus gnó na hÉireann a chur chun cinn. Bhí os cionn 120 imeacht gnó, eacnamaíochta agus trádála san áireamh sa chlár, agus 100 cruinniú polaitiúil ar ardleibhéal.

- Cuireadh dath 'uaine' ar 290 foirgneamh agus séadchomhartha íocónach, sin líon níos mó ná riamh cheana, in os cionn 44 tír ar fud an domhain thar thréimhse na Féile Pádraig, rud a chuir le hinfheictheacht na hÉireann go domhanda.

- Tá ionann is thart ar €6.8bn de chuóta Infheisteoir Institiúideach Eachtrach Cáilithe Renminbi de chuid na Síne tugtha d'Éirinn a thugann deis d'institiúidí airgeadais sainchónaithe in Éirinn infheistíocht a dhéanamh i margaí bannaí agus cothromais baile na Síne ag úsáid airgeadra na Síne féin.

- Níl in Éire ach an 17ú dlínse lasmuigh den tSín a bhfuil cuóta IIECR aici a chuirfidh feabhas ar thairiscint seirbhísí maoinithe na hÉireann agus ár stádas mar lárionad mór seirbhísí airgeadais.

- Tá roinnt feabhsuithe seirbhíse do chustaiméirí na Seirbhíse Pas tugtha isteach lena n-áirítear seirbhís rianaithe iarratais ar-líne feabhsaithe, chomh maith le seirbhís de chuid na meán sóisialta chun comhrá ar líne chun cumarsáid i "bhfíor-am" idir an tSeirbhís Pas agus iarratasóirí ar phasanna a éascú. Tugadh isteach seirbhís iarratais ar líne chun pas a athnuachan ag deireadh mhí an Mhárta, 2017.

- Cuireadh cuid mhaith de €190m ar fáil sa bhliain 2016 do chúnamh daonnúil agus ceadaíodh cláir forbartha nua fhadtéarmacha do Uganda agus don Mhaláiv. Tá cláir nua á bhforbairt don Tansáin, Vítneam, an tSaimbia agus Mósaimbíc.

- Tá €10m breise curtha ar fáil do Chúnamh Forbartha Thar Lear don bhliain 2017 rud a thugann an leithdháileadh comhlán go €651m. Is í seo an dara bliain as a chéile a bhfuil méadú curtha ag an Rialtas ar an leithdháileadh foriomlán don chlár cúnaimh.